# Tomás Bairéad Papers

## GP2/55

Galway County Council Archives

GP2/55 (1)

A Thomáis, a chara,

Is fada mé ag brath ar scríobhadh
chugat, ach ní raibh nóiméad an
chloig agam. Tá mé ag dul do
bhrí na bille fós. Beidh sí amuigh
laethanta na Nollag. Ní mórán léi.
Rinne mé roinnt athruithe ar an
l.ss. Litriú, hyphens 7 a leithéidí
atá do mo chur thar bharr mo
chéille. B'fhusa go fada é a
scríobhadh ná an ceathrú cuid
den obair sin a dhéanamh. Tá
mé i mo ghealt aici. Níl ag
an gclódóir ach monotype 7
caitear an líne uilig a athrú,
agus ní féidir a dhéanamh
ach athruithe fíor-riachtanacha
sa bprofa nó chosnódh sé
fearr-sabarr ar an gclódóir.
Níl mé sásta chor ar bith le
cuid den chaoi a bhfuil an
litriú agus na rudaí sin. Tá
cheithre phrofa ceartaithe cheana féin
agam. Tá mé ag ceapadh go
mbeidh daoine áiride le
buile faoi chuid de na
focla a bheas ann as an

nua. Go cuma liom.

Scór-ionsaí ormsa 7 ar mo leithéide an Irish Press ar an saol nua. Ach is rud gan mhaith é. Ach níl aon bhior eile ag an mbean sin ná ? X ag a leithéide le próiste a chur air ach an bior sin. Tá an bairr le Peadar Kelly faoi dheireadh!

Tá píosa diabhalta ag Criostóir faoi leabhar Charlach Mac Uidi i bhFeasta. Thug sé go binn dó é ro-bhinn b'fhéidir. Ach níl a fhios agam féin. Níor léigh mé an leabhar cé's móite de na giotaí a bhí ar an Ultach tá cupla bliain ó shoin. Ní raibh aon mhaith ionta sin. Ba phleidhce é ar aon chor a dhul ag scríobhadh faoi Bhlacks.

Casadh Criostóir é féin liom anseo gairid ó shoin. Ag Comhdhail speisialta de na muinteoirí a bhí sé. Ní raibh mórán faill chainte agam leis. Bhí iomarca cruóige orm le na profaí. Measaim go bhfuil sé ag scríobhadh filíochta

Tá an réabadh faoin nGúm ar siúl ferbith

GP2/55(2)

cén sórt ~~toradh~~ a bheas air. Agus ~~ar~~ dar ndóigh tá an reabadh faoin Golscoil freisin. ~~Is~~ Tá caillte ag Tierney 500 ar aon chor.

Chonaic mé Taibhdhearc na Gaillimhe anseo san oíche Dé Domhnaigh. Bhí an áit plódaithe agus a lán nach bhfuair deis ar bith a theacht isteach. D'éirigh go rímhaith leo. Bhí an aisteoireacht thar barr, an Ghaeilge sách maith, an t-aistriú liopastach go leor in áiteacha, ach ní fiú dada an dráma féin. Ní thuigim cén fáth a ~~dteo~~ dteann na sluaite ag breathnú air. Is fearr an foireann sin i nGaillimh ná gnáthfhoireann an Abbey. Is aisteoir cumasach é an t-Óránach.

Máidir liom féin ní thaobhaím áit ar bith ná duine ar bith le fada anois. Tá geallta agam leacht a thabhairt ~~don~~ do Chumann na Scríbhneoirí an chéad mhí eile. Beidh mé ag

duí siar is dóigh ar feadh cupla
lá faoin Nollaig. Ceapaim go
mbeidh ó Aoine go Céadaoin againn
saor slán ach níl a fhios agam
cén lá fós a rachaidh mé
siar. Níor hinsíodh dúinn
cé mhéad lá a bheas againn
fós. Sé deól an diabhail an
turas siar faoi Nollaig.

Is dóigh go mbeidh na
mná óga sa mbaile agat lá
ar bith feasta. An bhfuair tú
an solas fós. Tá an Spidéal
anois fearacht Shráid Uí
Chonaill. Tugann tú corrghéa
go Gaillimh ī gcónaí is
dóigh, nó an bhfuil an
máistir scoile sin freagrach
mar bhíodh.

Basadh Séamas Mhac
Conghaola liom tigh Mhooney
Dé Sathairn deireanach. Tá sé
uair le trí bliana ag
ag ól ariot—ordhre óg ale—
tar éis a bheith uaidh le
trí bliana. Ní raibh mé féin
a ól ach fíon. Níor bhlais
mé de thada le leathbhliain.

Ní raibh aon tóir ag Mac Uí Conghaola orm cheal gan mé a
bheith ag ól. Tá sum tosaí faoi Nollaig agus a bheith cuiteach
leis an troisceadh! Leabhar de litir ī seo. Níl tús na deireadh
worthi. Tá Seán Mór Ó Cathasaigh ag cur dhe anseo. Síleann sé
fós féin go gcuirfear an Táin ī gclo dó! Tá Mac na Catai ag
ouachadh ī gcónaí. I ngiostó luch atá spéis aige faoi Cathair. Tá sé
in aghaidh na Gaeilge anois, ach amháin Gaeilge ar an Radio. B'fhéidir
go bhfeicfinn thú faoi Nollaig mara mbeidh mé rochabach!
Mé Ó Catháin